



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Uimhir an Fhógra : 2022/0395/S (Sweden)

Dietary supplements

An dáta ar a bhfuarthas é/í : 07/06/2022

Deireadh leis an Tréimhse Neamhghníomhaíochta : 08/09/2022 (closed)

Message

Teachtaireacht 002

Teachtaireacht ón gCoimisiún - An Córas Faisnéise um Rialachán Teicniúil, TRIS/(2022) 02012

Treoir (AE) 2015/1535

Aistriúchán na teachtaireachta 001

Fógra: 2022/0395/S

No abre el plazo - Nezahajuje odklady - Fristerne indledes ikke - Kein Fristbeginn - Viivituste perioodi ei avata - Καμμία έναρξη προθεσμίας - Nach n-osclaíonn na moilleanna - N'ouvre pas de délais - Non fa decorrere la mora - Neietekmē atlikšanu - Atidėjimai nepradedami - Nem nyitja meg a késések - Ma' jiftaħ il-perijodi ta' dawmien - Geen termijnbegin - Nie otwiera opóźnień - Não inicia o prazo - Neotvorí oneskorenia - Ne uvaja zamud - Määräaika ei ala tästä - Inleder ingen frist - He ce предвижда период на прекъсване - Nu deschide perioadele de stagnare - Nu deschide perioadele de stagnare,

(TEACH: 202202012,GA)

1. MSG 002 IND 2022 0395 S GA 07-06-2022 S NOTIF

2. S

3A. Kommerskollegium
Box 6803, 113 86 Stockholm
Sverige
Tel: 08-690 48 00
epost: 1535@kommers.se

3B. Livsmedelsverket
Box 622, 751 26 Uppsala

4. 2022/0395/S - C80A

5. Rialacháin Ghníomhaireacht Bia na Sualainne maidir le forbhianna

6. Forbhianna

7. -

8. Glacfaidh na dréachtrialacháin sin ionad rialacháin reatha Ghníomhaireacht Bia na Sualainne (LIVSFS 2003:9) maidir le forbhianna, lena dtrasuitear Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna. Tá tagairtí nuashonraithe d'fhorálacha eile sna dréachtrialacháin agus tá siad níos gaire ó thaobh teanga de d'fhocláocht na Treorach ná mar atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá Gníomhaireacht Bia na Sualainne ag baint úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa Treoir chun uasleibhéil a



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

thabhairt isteach le haghaidh vitimíní agus mianraí áirithe i bhforbhianna. Sonraítear sna dréachtrialacháin nach bhféadfadh leibhéil vitimín D is mó ná 80 microagram nó leibhéil iaidín is mó ná 200 microagram a bheith sa dáileog laethúil a mholtar i bhforbhia. Beidh feidhm ag na huasleibhéil maidir le gach forbhia a bheartaítear a chur ar an margadh sa tSualainn. Mar sin féin, foráiltear leis na dréachtrialacháin an rogha iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó na huasleibhéil do tháirgí aonair, agus do dhíolúintí a bheidh le deonú má tá an t-iarratasóir in ann fianaise eolaíoch a chur isteach lena léirítear nach bhfuil riosca do shláinte an duine ag baint leis an leibhéal vitimín D nó iaidín sa táirge i dtrácht atá molta ag an iarratasóir.

A mhéid a bhaineann le huasleibhéil náisiúnta le haghaidh vitimín D agus iaidín: Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, faoi fhorálacha Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna, uasleibhéil a leagan síos le haghaidh vitimíní agus mianraí i bhforbhianna. Ní dhearnadh é sin agus dá bhrí sin, roghnaigh an tSualainn (Gníomhaireacht Bia na Sualainne), ar bhonn na Treorach, uasleibhéil náisiúnta a thabhairt isteach le haghaidh vitimín D agus iaidín, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh. Beidh feidhm ag na huasleibhéil náisiúnta ón 1 Eanáir 2024. Dá bhrí sin, chun sláinte thomhaltóirí na Sualainne a chosaint, ní féidir forbhianna ina bhfuil leibhéil iomarcacha vitimín D agus/nó iaidín ó thíortha eile san AE a mhargú sa tSualainn.

Is éard atá i ranna 11-13 de na dréachtrialacháin forálacha speisialta de chuid na Sualainne i ndáil le Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna.

9. Leis na dréachtrialacháin, déantar nuashonrú agus ionadú, ina n-iomláine, ar na rialacháin reatha maidir le forbhianna, LIVSFS 2003:9, lena dtrasuitear Treoir 2002/46/CE. Is é is cuspóir do na dréachtrialacháin freisin sláinte an duine a chosaint sa tSualainn trí uasleibhéil a thabhairt isteach le haghaidh vitimín D agus iaidín sa dáileog laethúil a mholtar. Measann Gníomhaireacht Bia na Sualainne go bhfuil tacaíocht láidir eolaíoch ann do na rioscaí a bhaineann le méideanna na substaintí sin a ídiú le himeacht ama a sháraíonn na huasleibhéil atá beartaithe. Tá forbhianna ina bhfuil leibhéil na substaintí sin a sháraíonn na huasleibhéil atá beartaithe le fáil ar an margadh.

Tá fógra 2022/299/S 'Rialacháin Ghníomhaireacht Bia na Sualainne maidir le forbhianna' á dtarraingt siar leis an bhfógra seo.

10. Níl aon bhuntéacsanna ar fáil

11. Ní hea

12. -

13. Ní hea

14. Ní hea

15. Is ea

16. Gné BTT

NÍ HEA - Níl aon tionchar suntasach ag an tionscadal ar thrádáil idirnáisiúnta.

Gné SPS

NÍ HEA - Níl aon tionchar suntasach ag an tionscadal ar thrádáil idirnáisiúnta.



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

An Coimisiún Eorpach

Pointe teagmhála maidir le Treoir (AE) 2015/1535

Facs: +32 229 98043

ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu